



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Páipéar Samplach

Gaeilge T2

Gnáthleibhéal

Am: 2 uair an chloig

270 marc

Scrúduimhir				

Stampa an Ionaid

Don Scrúdaitheoir			
Roinn	Ceist	Scrúd	S.C.
A	1		
	2		
	3		
B	4		
	5		
	6		
	7		
	8		
	9		
	10		
	11		
Iomlán			
Tasc Measúnaithe			
MÓRIOMLÁN			

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	45 marc	Éisteacht	4 cheist
Roinn B	225 marc	Léamh agus Ceapadóireacht	7 gceist

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.




Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

Ceist 1

(10 marc)

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

(a) Cén pictiúr a théann leis an bpíosa cainte seo? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.


☐

☐

☐

☐

(b) Cá háit a bhfuil Séamas, deartháir Iarlaith?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Tá Séamas in Éirinn. ☐

Tá Séamas i Sasana. ☐

Tá Séamas san Astráil. ☐

(c) Cén saghas ceoil a bhfuil an-spéis ag Iarlaith ann?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Tá an-spéis aige i gceol tíre. ☐

Tá an-spéis aige i bpopcheol. ☐

Tá an-spéis aige i rac-cheol. ☐

(d) Conas a éistean Iarlaith le ceol?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Éistean sé le ceol ar an raidió. ☐

Éistean sé le ceol ar an teilifís. ☐

Éistean sé le ceol ar an bhfón póca. ☐

Ceist 2

(10 marc)

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

(a) Cén duine atá ag caint san fhógra seo?

(b) Cén fáth a mbeidh an scoil dúnta?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Tá an aimsir go dona. ☐

Tá an córas teasa briste. ☐

Tá an aimsir róthe. ☐




(c) Scríobh síos lá **amháin** a bheidh an scoil dúnta.

Ceist 3

(10 marc)

Cloisfidh tú píosa nuachta sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa nuachta **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

(a) Cén sórt ionaid é Páirc Fhoraoise Loch Cé? Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

☐☐☐☐

(b) Cén **dá** áis atá i bPáirc Fhoraoise Loch Cé?
Cuir **tic** (✓) leis na freagraí cearta.

Bialann ☐

Linn snámha ☐

Halla spóirt ☐

Siopa ☐


Ceist 4

(15 mharc)

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Mír 1

(a) Cá háit a bhfuil Máire agus Tomás? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.

☐☐☐☐

(b) Scríobh síos **dhá** rud a cheannaigh Máire.

Mír 2

(c) Cá bhfuil Tomás ag dul anois?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Tá Tomás ag dul chuig cluiche peile. ☐

Tá Tomás ag dul chuig seó faisin. ☐

Tá Tomás ag dul chuig an bpictiúrlann. ☐

Tá Tomás ag dul chuig an linn snámha. ☐

(d) Cad a deir Máire faoin scannán *The Avengers: Endgame*?

Ceist 5

(20 marc)

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

€390,000

Teach den Scoth Margadh Iontach

Teach ar Díol



Radharc na Coille,
Baile Nua, Co. na Gaillimhe

- Teach scoite, dhá stór
- Ceithre sheomra leapa
- Trí sheomra folctha
- Seomra gréine

- Garáiste
- Gairdín beag os comhair an tí
- Gairdín mór ar chúl an tí
- Go leor áiseanna in aice láimhe: scoil, ollmhargadh, srl.

Teach oscailte don phobal Dé Sathairn an 14 Meitheamh, 10.00 a.m. go dtí 2.00 p.m.

Gach eolas: Séamas Ó Murchú, Ceantálaí. **Fón:** 083 98765431

- (a) Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas.
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

	Fíor	Bréagach
(i) Tá an teach seo suite i nGaillimh.	☐	☐
(ii) Is teach leathscoite é an teach seo.	☐	☐
(iii) Tá trí sheomra leapa sa teach.	☐	☐
(iv) Tá seomra gréine sa teach.	☐	☐
(v) Tá gairdín beag ar chúl an tí.	☐	☐

- (b) Cén lá a mbeidh an teach ar oscailt don phobal?

- (c) Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin teach?

Ceist 6

(30 marc)

Is tusa Aoife nó Seán sna pictiúir thíos. Scríobh ríomhphost chuig d’aintín atá ina cónaí thar lear faoi na rudaí a tharla sna pictiúir 1-4.

[illegible]

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceistanna a ghabhann leis.



FÉILE ÓIGE HYPE

An LONGFORT 18 Bealtaine 2019

BANNAÍ CEOIL AG SEINM **BEO** **JOSH GRAY**

TICÉID: €30 **CHASING ABBEY** **AGUS GO LEOR EILE**

AN FHÉILE IS FEARR

AN FHÉILE ÓIGE IS MÓ SA TÍR

5.00 – 11.00 p.m. /// TUILLEADH EOLAIS:

Brabhsáil: www.hypefestival.ie

Ríomhphost: eolas.hype@gmail.com

IS IMEACHT DE CHUID FORÓIGE É SEO

CLÁR

17:00 – 18:00 **DJ Fergal Darcy**

18:00 – 19:00 **Chasing Abbey**

19:00 – 20:00 **Josh Gray**

20:00 – 21:00 **Katie Gallagher**

21:00 – 21:30 **Marty Guilfoyle – Spin FM**

21:30 – 22:00 **Choice – School of Rock**

22:00 – 23:00 **Attic Youth Band**

HYPE – Ag Cabhrú Le Daoine Óga

(a) Cá háit a raibh an fhéile ar siúl?

(b) Cén dáta a raibh an fhéile ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Ar an ochtú lá is fiche de mhí na Bealtaine, 2019.

☐

Ar an ochtú lá déag de mhí na Bealtaine, 2019.

☐

Ar an bhfichiú lá de mhí na Bealtaine, 2019.

☐

- (c) Cad a deirtear faoi na bannaí ceoil?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Bhí na bannaí ceoil ag seinm beo. ☐

Ní raibh na bannaí ceoil ag seinm beo. ☐

Bhí na bannaí ceoil ag seinm an-íseal. ☐

- (d) Cé leis a mbíonn *Hype* ag cabhrú?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Cabhraíonn *Hype* le bannaí ceoil. ☐

Cabhraíonn *Hype* le daoine óga. ☐

Cabhraíonn *Hype* leis an Longfort. ☐

- (e) Cén praghas a bhí ar na ticéid?

- (f) Luaigh banna ceoil **amháin** a bhí ag seinm.

- (g) Cén t-am a chríochnaigh Féile *Hype*?


- (h) Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Fhéile *Hype*?

- (i) Ar mhaith leat féin dul chuig féile *Hype*? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra.

Léigh an fógra seo.

	FÓGRA The Lion King le feiceáil san Omniplex Dé Sathairn, 14 Nollaig 2019 Ag tosú ag 7.30 p.m. Cead isteach €8.00 Bígí ann
---	---

Scríobh teachtaireacht chuig do chara ag tabhairt **cuireadh** dó/di teacht leat chun an scannán a fheiceáil.



Ceist 9

(25 marc)

(a) Léigh na habairtí thíos. Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. Tá ceann amháin déanta mar shampla duit.

- (1) Bíonn daoine ag sú na gréine anseo.
- (2) Is maith liom dinnéar san áit seo.
- (3) Féachann daoine ar scannán san áit seo.
- (4) Téann a lán daoine ag lorg leabhar anseo.
- (5) Bíonn ainmhithe éagsúla anseo.
- (6) Bíonn a lán daoine ag siopadóireacht anseo.

(b) Scríobh teideal don áit is dóigh leat atá léirithe i ngach pictiúr thíos. Tá ceann amháin déanta mar shampla duit.




Abairt: 4

Áit: An leabharlann




Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:

Ceist 10

(65 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

1. Rugadh Shane Lowry ar an 2 Aibreán 1987. Bridget is ainm dá mháthair agus Breandán is ainm dá athair. Is as Clóirtheach i gcontae Uíbh Fhailí do Shane Lowry. D'fhreastail Shane ar bhunscoil Phroinsiais Naofa agus ar Ardscoil Chiaráin i gClóirtheach. D'imir Shane peil Ghaelach agus iománaíocht le linn a óige. Bhí sé go maith acu. Ach b'fhearr leis an galf ná aon spórt eile.

2. Mhúin Shane Lowry dó féin conas galf a imirt. Is iomaí lá fada a chaith sé ag cleachtadh a luasctha gailf. Ba ar chúrsa gailf *Esker Hills* a tugadh a thallann faoi deara ar dtús. Nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois bhí curiarracht an chúrsa sin bainte amach aige. Bhuaigh Shane a lán comórtas faoi aois timpeall na tíre.

3. In 2009 bhuaigh Shane Lowry a chéad chomórtas mór - Craobh Oscailte na hÉireann. Ba éacht iontach é seo don fhear óg as Uíbh Fhailí. Leis an mbua sin cuireadh é ag uimhir 168 ar ord galfairí an domhain. Ba chosúil le scéal draíochta dó é.

4. Ansin thosaigh Shane Lowry ag imirt gailf go proifisiúnta. Bhíodh sé ag taisteal timpeall an domhain ag imirt i gcomórtais ghailf. Bhuaigh sé cúpla comórtas anseo agus ansiúd freisin. In 2019 bhuaigh Shane Lowry ceann de mhór-chomórtais ghailf an domhain - Craobh Oscailte na Breataine.

5. Is galfaire iontach é Shane Lowry. Tá sé ar dhuine de na galfairí is fearr atá sa domhan faoi láthair. Tá comórtais éagsúla ghailf buaite aige anseo in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá lucht leanúna mór dílis aige. Tá cáil agus ardmheas ar Shane Lowry ar fud an domhain.



(a) Cén dáta breithe atá ag Shane Lowry? (Alt 1)

(b) Cárb as do Shane Lowry? (Alt 1)

(c) Conas a d'fhoghlaim Shane Lowry chun galf a imirt? (Alt 2)

(d) Cad é an scéal draíochta atá luaite in Alt 3?

(e) Cén comórtas mór gailf a bhuaigh Shane Lowry in 2019? (Alt 4)

--

(f) Tabhair sampla **amháin** a thugann le fios gur ‘galfaire iontach’ é Shane Lowry. (Alt 5)

--

(g) Tá Shane Lowry ag teacht chuig do scoil. Scríobh síos **dhá** cheist gur mhaith leat a chur air.

Ceist 1:
Ceist 2:

Ceist 2:

(h) Scríobh blag gairid faoi chomórtas éigin a bhí ar siúl le déanaí. I do bhlag luaigh na pointí seo a leanas:


- an comórtas a bhí ar siúl
- an áit a raibh an comórtas ar siúl
- na daoine a bhí páirteach ann
- an rud ab fhearr leat faoin gcomórtas
- rud **amháin** nár thaitin leat faoin gcomórtas
- pointe **amháin** faoin duais

[illegible]

Ceist 11

(35 marc)

Bhí tú féin agus do theaghlach ar saoire thar lear le déanaí. Scríobh alt i gcomhair irisleabhar na scoile ag cur síos ar an tsaoire sin.



Saoire Iontach

[illegible]

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

[illegible]

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

[illegible]

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

[illegible]

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

[illegible]

Admhálacha

Íomhánna

Íomhá ar leathanach 3:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 4:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 5:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 6:	www.propertypriceadvice.co.uk
Íomhá ar leathanach 7:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 8:	www.hypefestival.ie
Íomhá ar leathanach 10:	www.wikipedia.org
Íomhá ar leathanach 11:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Íomhá ar leathanach 12:	www.irishindependent.ie
Íomhá ar leathanach 14:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Téacsanna

Téacs ar leathanach 13: bunaithe ar fhoinsí éagsúla

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus a athcóiríodh lena gcur in oiriúint don chóras measúnachta gan é a chur i gcead na n-údar roimh ré. Ullmhaíodh an páipéar de réir Alt 35(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000. Ní údaraítear aon úsáid a bhaint as seachas an úsáid lenar ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí - Gnáthleibhéal

Gaeilge T2

Páipéar Samplach

Am: 2 uair an chloig